PRTB

Bord Um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha
Private Residential Tenancies Board

# Plean Corparáideach 2009 - 2011

# An Clár


**Réamhfhocal an Chathaoirligh** 5

**Réamhrá** 6

**Ár Misean, Fís, Sainordú agus Luachanna** 9

**Anailís Timpeallachta** 12

**Fócas PRTB** 16

**Eochair-Réimsí Torthaí, Torthaí Tosaíochta, Sain-Spriocanna agus Táscairí Feidhmíochta:**

Eochair-Réimse Torthaí a hAon:
(Clárúchán Tionóntachta) 18

Eochair-Réimse Torthaí a Dó:
(Clárúchán Tionóntachta) 20

Eochair-Réimse Torthaí a Trí:
(Taighde agus Faisnéis) 22

Eochair-Réimse Torthaí a Ceathair:
(Nuáil agus Seirbhís do Chustaiméirí) 24

Eochair-Réimse Torthaí a Cúig:
(Ceannasaíocht agus Rialú) 26

Eochair-Réimse Torthaí a Sé:
(HR agus Airgeadas) 28

**Aguisíní**

Aguisín I: 30
Ballraíocht an Bhoird

Aguisín II: 31
Cairt Eagraíochta

Aguisín III: 33
Ballraíocht ar Fhochoistí agus ar Phainéil

Bord Um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha
Private Residential Tenancies Board

# Plean Corparáideach 2009 - 2011

Private Residential Tenancies Board

"Ó bunaíodh é, tá an PRTB tiomanta d'fhorbairt na seirbhíse nua agus riachtanais a gcuid custaiméirí agus geallsealbhóirí a chomhlíonadh laistigh de théarmaí an Achta."

# Teachtaireacht ón gCathaoirleach



Tá lúcháir orm Plean Corparáideach 2009 – 2011 an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha a chur i láthair. Tá ceithre bliana caite ó bunaíodh an PRTB agus tá sé in am dúinn measúnú agus daingniú a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach go dtí seo. Is eagraíocht óg é an PRTB agus chuaigh líon na dtionóntachtaí cláraithe agus an t-éileamh ar sheirbhísí réiteach díospóide i bhfad thar mar a bhí súil. Dá thairbhe sin, bhí deacrachtaí ag an mbord a shainchúraimí a chomhlíonadh chomh gasta agus ba mhian linn, in ainneoin obair iontach a rinne foireann agus bainistíocht an PRTB. Bíodh sin mar atá, anois agus foireann bhreise agus oifigí nua-aimseartha againn táimid ábalta fís uaillmhianach do na 3 bliana atá amach romhainn a chur i bhfeidhm.

Tá an Plean Corparáideach sonrach go maith i dtaobh na gcuspóirí atá le baint amach againn agus cathain a bhainfear amach iad.

Feidhmeoimid straitéis chuimsitheach ICT le linn an dá bhliain atá romhainn. Feabhsóidh sin na tréimhsí próiseála agus soláthrófar seirbhísí mar chlárú agus iarratais ar réiteach díospóide ar líne. Forbrófar líon na dtuarascálacha agus na hanailíse staitistiúla atáimid in ann a chur ar fáil freisin. Tá sé de rún againn uathoibriú a dhéanamh ar an malartú faisnéise le comhlachtaí reachtúla eile ar mhaithe le nósanna imeachta forfheidhmithe a neartú. Cuirfear tuilleadh le sainchúraimí na heagraíochta ó thaobh taighde agus forbairt beartas de trí chomhaontaithe comhpháirtíochta a fhorbairt le heagraíochtaí mar an tIonad um Thaighde Tithíochta agus trí chiste scoláireachtaí PhD. Coinneoimid i dteagmháil lenár ngeallsealbhóirí lena chinntiú go bhfuilimid ag freagairt dá riachtanais.

Leis an bPlean, leagtar amach spriocanna soiléire i ndáil le Rialú Corparáideach, a chinnteoidh go gcloífear le dea-chleachtas ó thaobh cúrsaí airgeadais agus riaracháin. Éascófar leis an bpróiseas sin trí Straitéis Bainistíochta Acmhainní Daonna a fhorbairt agus a fheidhmiú lena chinntiú go mbeidh tacaíocht ag ár bhfoireann lena bhforbairt ghairmiúil mar aon le sár-sheirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí.

Bhí dlúthbhaint ag an mBord Stiúrthóirí agus ag foireann an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha le forbairt an Phlean Chorparáidigh. Táimid tiomanta d'fheidhmiú an Phlean ina iomláine le linn na trí bliana atá romhainn.



**Tom Dunne, Cathaoirleach**

# Réamhrá

## Cúlra

Tháinig an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 i bhfeidhm mar thoradh ar ghníomhartha an Rialtais chun an earnáil cíosa phríobháideach a fhorbairt agus a leasú. Is é ceann de phríomhthorthaí an Achta ná bunú an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) i Meán Fómhair 2004 chun maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú na reachtaíochta úire agus seirbhísí a bhainistiú agus a fhorbairt ar son tiarnaí talún agus tionóntaí araon, san earnáil cíosa phríobháideach. Leis an Acht, rinneadh iarracht cearta tionóntaí a neartú agus tacú le cur chuige níos gairmiúla ag tiarnaí talún, agus mar thoradh air sin bheadh caidrimh thionóntachta níos fearr ann.

Ó bunaíodh é, tá an PRTB tiomanta don tseirbhís úr seo agus chun riachtanais a chustaiméirí agus a gheallsealbhóirí a chomhlíonadh de réir téarmaí an Achta. Tháinig forás ar struchtúir chorparáideacha, ar chórais, agus ar phróisis an PRTB ó bunaíodh é a léiríonn leibhéal an éilimh ar a chuid seirbhísí agus castacht dhlíthiúil na hoibre agus a fhreagrachtaí. Is céim thábhachtach chun tosaigh é forbairt an chéad phlean chorparáidigh seo chun an eagraíocht a bhogadh thar a ré giniúna agus chun treo na heagraíochta amach anseo a chinntiú. Léiríonn an Plean seo go soiléir spriocanna agus tosaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta don chéad 3 bliana eile go dtí 2011.

## Feidhmeanna

Is comhlacht reachtúil é PRTB atá freagrach as oibriú córas náisiúnta clárúcháin do gach tionóntacht cónaithe phríobháideach, as seirbhís réiteach díospóide a sholáthar, faisnéis a scaipeadh, taighde a dhéanamh agus comhairle a chur ar fáil i dtaca le beartas san earnáil cíosa phríobháideach.

I ndáil le Clárúcháin Tionóntachta de, is faoi chúram an PRTB:

a. clárúchán tiarnaí talún a phróiseáil agus na táillí cuí a bhailiú
b. forfheidhmiú riachtanais chlárúcháin agus gníomhú ar neamhchomhlíonadh lena n-áirítear smachtbhannaí ar thiarnaí talún neamhchláraithe
c. clár tionóntachtaí a bheidh nuashonraithe dhá uair gach bliain a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin nó i gcruachóip in oifigí na heagraíochta
d. an clár a chur ar fáil do gach údarás áitiúil ar bhonn ceantar feidhme chun cabhrú le forfheidhmiú na gcaighdeán agus rialúcháin leabhair cíosa.

Tá seirbhís réiteach díospóide an PRTB ann anois in ionad na gcúirteanna maidir le formhór na ndíospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí. Oibríonn an Bord próiseas dhá chéim maidir le réiteach díospóide. Is éard atá sa chéad chéim ná idirghabháil, (má roghnaíonn an dá pháirtí é sin), nó breithniú. Ceapadh Painéil Idirghabhálaithe agus Breithneoirí ar feadh trí bliana ar a laghad. Is éisteacht phoiblí ón mBinse Tionóntachta an dara céim, mura réiteofar an t-ábhar ag an gcéad chéim.

Eisíonn an PRTB orduithe cinnidh ceangailteacha i ndiaidh an phróisis réiteach díospóide, agus foilsítear na cinntí sin ar a láithreán gréasáin (ach amháin comhaontaithe idirghabhálaithe). Tugtar cumhacht don PRTB, faoi réir an Achta, imeachtaí coiriúla a thionscnamh in aghaidh aon pháirtí neamh-chomhlíonta i ndiaidh eisithe orduithe cinnidh. Is iad cineálacha na gcásanna réiteach díospóide a chuirtear ar aghaidh chuig an PRTB go dtí seo ná coinneáil éarlaise, díshealbhú neamhdhleathach, Fógraí Foirceanta neamhbhailí, rósheilbh, riaráiste cíosa, sáruithe eile ar oibleagáidí tionónta, sáruithe oibleagáidí tiarnaí talún, agus iompraíocht fhrithshóisialta a chuireann an tríú páirtí ar aghaidh.

Is é eochairghníomhaíocht an Bhoird soláthar seirbhís réiteach díospóide do thionóntaí agus do thiarnaí talún agus tuigtear go gcaithfear comhrogha suntasach de sheirbhísí na cúirte a chur ar fáil. Is dúshlán mór don eagraíocht óg é leibhéal an éilimh ar an tseirbhís seo a chomhlíonadh mar gheall ar chastacht dhlíthiúil an Achta agus an leibhéal soláthar foirne. Leis an bPlean Corparáideach, tugtar aghaidh ar an dúshlán an dualgas seo maidir le córais cáis-bhainistiú níos fearr, imlonnú acmhainní agus ICT agus moltaí do leasuithe ar an Acht.

Tugtar sainordú don Bhord faoi réir an Achta chun taighde a dhéanamh agus comhairle a chur ar an Aire dá réir sin agus maidir le hábhair beartais. Tá comhaontú comhpháirtíochta déanta idir an PRTB agus an tIonad Taighde Tithíochta (CHR) agus bainistíonn an CHR tionscadail ábhartha taighde ar son an PRTB. Chuidigh staidéir le déanaí ar choinneáil éarlaise agus ar iompraíocht fhrithshóisialta chun beartais a chumadh agus le dea-chleachtas le linn réiteach díospóide. Cuireann láithreán gréasáin an PRTB faisnéis chruinn phraiticiúil ar fáil do thionóntaí agus do thiarnaí talún agus forbrófar é thar thréimhse an Phlean Chorparáidigh chun seirbhísí ar líne a chur san áireamh.

## Struchtúir Rialaithe

Tá an PRTB tiomanta d'ardchaighdeán rialaithe corparáideacha a chothú de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Tá Cóid Iompair Gnó ullmhaithe agus glactha ag an mBord dá Bhaill Bhoird, Stiúrthóir agus Foireann agus dá Bhreithneoirí agus Idirghabhálaithe. De réir Alt 157 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 bhunaigh an Bord roinnt coistí chun cuidiú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Tá an *Coiste Réiteach Díospóide* freagrach as Binsí Tionóntachta a bhunú a mbíonn éisteachtaí acu a bhaineann le díospóidí a chuireann tiarnaí talún, tionóntaí agus tríú páirtithe ina láthair. Tá cinneadh Binse ina cheangal dlí agus ní fhéadfar iad a achomharc ach ar phointe dlí san Ard-Chúirt.

Buaileann *Coiste Alt 189* le chéile nuair a iarrann an Stiúrthóir orthu toisc iarratas a bheith faighte ag an mBord faoi alt 189 den Acht. Is é feidhm an Choiste cinneadh a dhéanamh cé acu ar chóir don Bhord iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda nó nár chóir i gcás díshealbhú neamhdhleathach mar shampla.

Cinneann an *Coiste Taighde* an taighde atá riachtanach, cuí nó inmhianaithe don Bhord a dhéanamh, socraítear cur i gcrích an taighde sin, déantar machnamh ar thorthaí staidéar taighde agus cuirtear na torthaí in iúl don Bord.

Is é ról an *Choiste Iniúchóireachta* comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh don Bhord agus do Bhainisteoirí Sinsearacha maidir le hábhar ar bith a bhaineann le feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le próisis a bheith i bhfeidhm chun rioscaí a bhainistiú de réir treoirlínte eagraíochtúla agus pleananna gnó.

Bunaíodh *Coiste Airgeadais* chun cabhrú leis an mBord comhfhreagrachtaí agus freagrachtaí aonair dlí a chomhlíonadh a tharlaíonn go príomha i réimsí tuairiscithe agus rialaithe airgeadais. Bhí ról lárnach ag an gCoiste Airgeadais in ullmhú an Phlean Chorparáidigh.

Oibríonn an PRTB faoi stiúir a mháthair-roinne, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtas Áitiúil - agus faigheann sé tacaíocht airgeadais ó dheontas i gcabhair.

## Conclúid

Tá an Plean Corparáideach dírithe ar an todhchaí mar aon lena bheith dírithe ar ghníomhartha mar chuid den chreat reachtaíochta den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004. Tá an Plean dírithe ar chumas na heagraíochta a dualgas a chomhlíonadh de réir a ráiteas misin agus a sainordú mar aon le riachtanais a custaiméirí a shásamh ó thaobh luach ar airgead agus fiúntas seirbhíse de. Meastar a éifeacht faoi dheireadh de réir na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha amach sa Phlean.

# Ráiteas Misin

An earnáil cíosa phríobháideach a rialú agus tacú léi trí chóras éifeachtúil cothroime réiteach díospóide, clárúchán tionóntachta, agus seirbhísí faisnéise a sholáthar do thionóntaí, do thiarnaí talún agus don Aire mar aon le geallsealbhóirí eile agus dea-chleachtas a chur chun cinn san earnáil.

# Ár bhFís

Forbairt earnáil cíosa phríobháideach a fheidhmíonn go maith a éascú agus a bhíonn ag freastal ar riachtanais a geallsealbhóirí ar fad.



# Sainordú PRTB

- Seirbhís éifeachtúil inrochtana réiteach díospóide a sholáthar do thiarnaí talún, do thionóntaí agus do thríú páirtithe
- Clárúchán tionóntachtaí a dhaingniú san earnáil cíosa phríobháideach
- Dea-chleachtas a chur chun cinn trí fhaisnéis agus treoirlínte do thiarnaí talún, do thionóntaí agus páirtithe eile leasmhara a sholáthar agus a fhoilsiú
- Taighde a dhéanamh ar an earnáil cíosa phríobháideach
- Comhairle beartais a sholáthar don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Comhoibriú agus teagmháil a dhéanamh leis an bpobal geallsealbhóirí níos leithne ar ábhair a bhaineann leis an earnáil cíosa phríobháideach

# Ár gCroíluachanna

Is mian leis an PRTB sraith luachanna a leagan síos a thacaíonn leis an dóigh a mbítear ag plé agus ag idirghníomhú lena gcuid geallsealbhóirí ar fad. Tá na luachanna a leanas lárnach do chomhlíonadh ár misin agus ár sainordaithe:

- Cothromas agus cothroime
- Éifeachtúlacht agus gairmiúlacht
- Obair fhoirne agus forbairt foirne
- Fócas ar chliaint agus ar cháilíocht
- Oscailteacht agus sofhreagracht d'athrú

# Anailís Timpeallachta

## Forbhreathnú

Léiríonn an anailís timpeallachta seo forbhreathnú réalaíoch ar láidreachtaí agus ar laigí an PRTB agus na féidearthachtaí agus na bagairtí atá roimh an eagraíocht ó Dheireadh Fómhair 2008 ar aghaidh. Breithnítear *tosca seachtracha* eacnamaíochta, timpeallachta agus déimeagrafacha agus *tosca inmheánacha* amhail cumas eagraíochtúil, beartas corparáideach, cumas ICT agus rialú.

## Saincheisteanna Seachtracha

**An Margadh Tithíochta:** Tá an earnáil cíosa phríobháideach lárnach maidir le riachtanais náisiúnta cóiríochta a chomhlíonadh, go háirithe do phobail ar leith mar imircigh le déanaí, daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa sóisialaigh, iad siúd nach bhfuil in ann teach a cheannach nó teacht ar áitíocht-úinéara, agus scéimeanna éagsúla tithíochta sóisialta agus inacmhainne agus fostaithe a dteastaíonn solúbthacht agus soghluaisteacht uathu. Tá thart ar 10% go 12% den stoc iomlán tithíochta san earnáil seo agus tá gach cuma ar an scéal go bhfuil líon na dtithe atá ar fáil ar cíos príobháideach ag dul i méid. Bíonn tionchar díreach suntasach ag an margadh tithíochta ar an earnáil cíosa phríobháideach agus, ar bhealach, ar fheidhmiú an PRTB freisin. Is é an treocht reatha san am i láthair ná clárúcháin tionóntachta atá imithe i méid agus cíos fadtéarmach, gan dabht tá tionchar ag an moilliú maidir le ceannach tithe air seo mar aon leis an gcinnteacht a chruthaíonn an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004. Agus laghdú ar dhíolachán tithe meastar go dtiocfaidh fás ar thábhacht na hearnála cíosa príobháidí chun freastal ar riachtanais raon teaghlaigh éagsúla.

**Cíosanna:** Léiríonn sonraí ón CSO go bhfuil cíosanna ag ardú ó mhí Bealtaine 2005 lena n-áirítear ardú 11% le linn na bliana go dtí Eanáir 2008. Léiríonn sin teaglaim éilimh, go háirithe ó hinimircigh agus níos mó daoine ag fáil áiteanna ar cíos seachas a bheith ag ceannach de dheasca coinníollacha an mhargaidh. Meastar go mbeidh an treocht fhadtéarmach cíosa measarthach toisc gur ionann an meán-mhéadú bliantúil agus dhá faoin gcéad cé go raibh ardú de thrí déag faoin gcéad air ó Eanáir 2002 ach is meathlú é sin i ndáiríre.
Leis sin féin, tá seo ag tarlú le linn tréimhse nuair atá fócas ar íoschaighdeáin agus níl aon chinnteacht go bhfanfaidh cíosanna cobhsaí. Léiríonn figiúirí ón CSO agus ó DAFT go bhfuil laghdú ar chíos sa chéad ráithe de 2008 agus tá an treocht seo ag dul i méid le roinnt míonna anuas. Taobh leis an laghdú seo ar chíosanna, tá fianaise ann go bhfuil riaráiste cíosa ag éirí níos suntasaí ná mar a bhí go dtí seo. Tá an tIonad um Thaighde Tithíochta coimisiúnaithe ag an mBord le forbhreathnú comparáideach a sholáthar faoi conas a bhainistigh údaráis eile an cheist seo agus nuair a gheofar an tuarascáil seo, beidh an Bord in ann moltaí ábhartha beartas a dhéanamh.

**Éileamh ar Chíosanna:** Léiríonn na figiúirí treochta cothrom le dáta maidir le hinimirce go bhfuil laghdú foriomlán tagtha ar inimirce agus go mbeidh an treocht fhadtréimhseach anois ceangailte le feidhmiú an gheilleagair. I ndáiríre, tháinig ardú ar fhostaíocht do neamhnáisiúnaigh agus léiríonn sin ardú ar inimirce. Meastar go mbeadh tionchar dearfach ag idirghníomhaíochtaí idir tiarnaí talún agus tionóntaí, de thairbhe laghdú éilimh agus leanúnachas ar leibhéil stoic, agus de thairbhe seo go mbeadh titim ar líon na ndíospóidí.

**Caidreamh leis an Aire:** Is eochaircheist don Bhord é, ó thaobh leanúnachas, a chaidreamh lena mháthair-roinn, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil, agus an caidreamh siombóisigh a d'eascair le roinnt blianta anuas a chothabháil agus a fheabhsú. Is é an tAire, tríd an Roinn, a cheapann baill an bhoird agus a leagan síos tionacht agus íocaíocht na mball sin. Tá maoirseacht ag an Roinn ar an mBord maidir le líon na mball foirne, gráid agus íocaíochta, agus maidir le comhairleoirí agus sainchomhairleoirí a fhostú. Cabhraíonn an Roinn leis an mBord i dtaobh treoirlínte oibríochtúla a fhorbairt mar aon le leasuithe reachtaíochta agus soláthraíonn sí cúnamh laethúil trí bhallraíocht an Bhoird agus choistí. Bíonn toiliú an Aire de dhíth ar an mBord chun táillí clárúcháin a ghearradh agus a ghlacadh isteach.

Tá sé de rogha an ag Aire freagrachtaí breise a thabhairt don PRTB de réir an Achta. Cé go bhfuil an PRTB ag bainistiú méid suntasach oibre agus ag gníomhú ar chumas éifeachtach féadfar freagrachtaí breise a chur faoina bhráid i gcónaí. Is é freagracht an Bhoird an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe a chur i bhfeidhm ag tacú le hearnáil cíosa chothromasach phríobháideach a chomhlíonann riachtanais an Achta. Measann an Bord nach mbeadh sé praiticiúil ag an am seo cur go suntasach le dualgais an PRTB mar gheall ar a stádas teacht chun cinn faoi láthair.

**Caidreamh le Custaiméirí:** Tá an custaiméir lárnach dár ngníomhaíochtaí ar fad. Tá níos mó na 450,000 tiarna talún agus tionónta cláraithe faoi láthair a úsáideann seirbhís díospóide. Ceaptar go méadófar seo trí bhearta forfheidhmithe níos éifeachtaí agus trí fheasacht mhéadaithe an PRTB, a fheidhmeanna agus seirbhísí. Is ábhair ríthábhachtacha iad caidrimh sheachtracha agus idirghníomhaíochtaí an Bhoird lena chur i gcrích. Is gá dúinn an pháirt a d'imir DEHLG, na húdaráis áitiúla agus geallsealbhóirí eile a aithint chun cabhrú le gníomhaíochtaí an PRTB agus ár bpáirt chun ionchais a n-eagraíochtaí a chomhlíonadh. Is eochairchaidreamh é don Bhord an caidreamh atá aige lena mháthair-roinn, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil. Tá caidrimh sheachtracha tábhachtacha eile le comhlachtaí mar Tairseach agus Cumann Úinéirí Réadmhaoine na hÉireann a bhfuil spéis ar leith acu san ábhar seo, mar aon le heagraíochtaí eile na hearnála poiblí a bhaineann le ceisteanna tithíochta amhail an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus na hÚdaráis Áitiúla.

**An Staid Eacnamaíoch:** Is seirbhís éileamh-tiomáinte é an PRTB, agus cé go bhfuil sé tiomanta do sheirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar, tá sé cosúil le gach eagraíocht eile ag iarraidh soláthar leanúnach na seirbhíse seo a chinntiú in aeráid eacnamaíoch níos dúshlánaí. Ciallaíonn atheagrú próisis inmheánacha le déanaí, a bhí mar thoradh ar mhéadú ar an bhfoireann, go bhfuil an Bord in áit tréan chun an tseirbhís d'ardchaighdeán a choinneáil, ar a laghad, ach ina theannta sin, trí nuáil leanúnach, beifear in ann caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil a fheabhsú. In ainneoin dáileadh leanúnach na n-acmhainní agus na foirne chun an tseirbhís a sholáthar, tuigimid go dtiocfadh le haon mhéadú ualaigh, nó aon laghdú ar an líon foirne nó ar leibhéal na maoinithe de dheasca coinníollacha eacnamaíocha ag an am, drochthionchar a imirt ar chaighdeán na seirbhíse atá mar aidhm againn a chur ar fáil.

## Saincheisteanna Inmheánacha

**Comhthéacs:** Cuireadh tús leis an PRTB i dtimpeallacht deacair réamh-mheasta go míchruinn i dtaca le líon na n-iarratas ar chlárúchán tionóntachta, líon na n-iarratas clárúcháin a bhí neamhchríochnaithe, córas IT easnamhach, castachtaí dlíthiúla a bhaineann le próiseas réiteach díospóide agus líon na ndíospóidí faighte. Leis sin féin, d'éirigh leis, le ceithre bliana anuas, na dúshláin éagsúla a bhí roimhe a bhainistiú agus tá an eagraíocht deabhunaithe i dtaca le hacmhainní airgeadais agus taithí chun a dhualgais a chomhlíonadh. Go háirithe, d'aithin an Bord agus an tAire go gasta go raibh an fhoireann lánaimseartha d'ochtar easnamhach chun freastal ar an eagraíocht agus, ó mhí Iúil 2008, d'fhostaigh an Bord 40 ball foirne lánaimseartha ina theannta le roinnt foirne gníomhaireachta. Glacfaidh an PRTB freagrachtaí an Bhinse Cíosa air féin freisin ó 2009 ar aghaidh. Cé nach nglacfaidh seo ann féin am iomarcach foirne, i gcomhthéacs éilimh mhéadaithigh ar an bhfoireann faoi láthair, is gá gach dualgas eile a dháilfear ar an mBord go hincriminteach a mheas i gcomhthéacs ár gcumas chun seirbhís ghasta d'ardchaighdeán a chur ar fáil mar is mian linn.

Mar gheall ar an éileamh ar sheirbhísí réiteach díospóide agus castacht dhlíthiúil an phróisis tá méadú tagtha anois ar líon na riaráistí díospóidí á mbreithniú go daingean. D'ardaigh meánlíon na n-iarratas tionóntachta a fuarthas go seasta ó bunaíodh an PRTB agus tá líon na n-iarratas neamhiomlán ard fós ag thart ar 25%. Rinne an Bord machnamh ar a chumas eagraíochtúil agus a ábaltacht chun na dúshláin seo a bhainistiú agus conas a sheachadfar iad. Leis an bPlean Corparáideach, leagtar amach tosaíochtaí straitéiseacha soiléire le tacaíocht ó phlean feidhmiúcháin.

**Ath-Thionóntachtaí Cuid 4:** Forálann Cuid 4 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 go gcuirfear tús le hath-thionóntacht Chuid 4 ag deireadh tréimhse 4 bliana ó thosaigh tionóntachta roimhe sin. Ciallaíonn seo go gcaithfidh tionóntachtaí athchlárú má bhí ann dóibh le 4 bliana anuas. Cuireadh deireadh leis an gcéad tréimhse 4 bliana an 31 Lúnasa 2008 agus chuir an PRTB in iúl do thiarnaí talún faoina ndualgas athchlárú don ath-thionóntacht Chuid 4 mar is cuí. Cuireadh litreacha meabhrúcháin chuig beagnach 50,000 tiarna talún a raibh an chéad tréimhse 4 bliana bainte amach acu i Meán Fómhair 2008. Ullmhaíodh liosta de Cheisteanna Coitianta, nuashonraíodh an láithreán gréasáin chun na hathruithe a aimsiú agus cuireadh fógraí sna nuachtáin. Cuireadh oiliúint bhreise ar fáil don fhoireann chomh maith. Ba é an tionchar a bhí aige sin gur méadaíodh líon an phoist a fuarthas agus an líon ceisteanna teileafóin go suntasach. Chuir an t-ualach oibre breise seo éileamh millteanach ar an bhfoireann agus ar acmhainní an PRTB, go háirithe sna réimsí Clárúcháin agus Airgeadais agus, cé go laghdófar líon na dtionóntachtaí ar gá dóibh athchlárú le himeacht ama, idir 2,000 agus 5,000 sa mhí, léirítear éifeacht reachtaíochta ar riarachán gníomhaireacht san earnáil phoiblí.

**Úsáid ICT:** Tá gá le cur chuige dírithe ar chustaiméirí chun seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht

níos fearr a chinntiú. Tá forbairt ar straitéis ICT á déanamh faoi láthair chun tacú le feabhsúcháin shuntasacha agus athruithe bunúsacha faoin tslí a ndéantar agus a soláthraítear na seirbhísí. Tá an PRTB ag scrúdú deiseanna go gníomhach chun teicneolaíocht a chur i bhfeidhm a chuireann an méid agus is féidir le luach ar airgead, a mhéadaíonn táirgiúlacht agus a sholáthraíonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht níos fearr dá chliaint. Chuige sin, aithneoidh an straitéis ICT úsáid éifeachtach ICT chun an obair agus sreabhadh sonraí a shimpliú agus a imeascadh; cuirfear an méid agus is féidir le torthaí ar infheistíocht teicneolaíochta; tabharfar tacaíocht le heiseamláir seachadta seirbhíse imeasctha agus le tomhas na dtorthaí chun cinntiú go mbainfear na héifeachtúlachtaí amach agus go ndéanfar measúnú ar ionchais custaiméirí agus go gcomhlíonfar iad. Tá soláthar rathúil na seirbhísí ar líne agus imeascadh 3 chóras dhiscréideacha ríthábhachtach do ghníomhaíochtaí an PRTB amach anseo. Cuirfear seo i bhfeidhm thar thréimhse an Phlean Chorparáidigh.

**Imlonnú Acmhainní:** Mar thoradh ar mhaoiniú reatha agus an méadú ar líon na foirne le déanaí, tá an PRTB in áit níos fearr anois lena thodhchaí a bhainistiú. Bíodh sin mar atá, tá sé ríthábhachtach go mbainimid an leas is fearr as na hacmhainní atá ar fáil ar mhaithe leis an PRTB agus go n-aithnímid agus go gcuirimid in ord tosaíochtaí ár gcuid acmhainní lenár gcroífheidhmeanna a chomhlíonadh. Caithfimid a bheith dírithe ar sheachadadh éifeachtúil a sholáthar maidir le réiteach chéad chéim díospóide. Tá moltaí déanta ag an mBord maidir le leasú an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe agus táthar ag súil go n-achtófar sin in Earrach 2009. Leanfaidh an Bord ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar fheidhmiú an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe agus breithneofar cé acu an bhfeabhsódh leasú eile próisis fheidhmíochta an Achta nó nach bhfeabhsódh.

**Clú:** Is gá muinín san eagraíochta mar aon le tacaíocht na gcustaiméirí agus na ngeallsealbhóirí a choinneáil agus a chothú. Tá an caidreamh idir an Bord agus an Feidhmeannas ríthábhachtach agus bunaithe ar idirphlé macánta cuiditheach ar an ábhar gurb é todhchaí cinnte inmharthana an PRTB, príomhaidhm cách.

## Achoimre

Mar fhocal scoir, soláthraíonn ullmhúchán na hAnailíse Timpeallachta i gcomhar leis an mBord, leis an bhfeidhmeannas agus leis na geallsealbhóirí, creatlach thagartha shoiléir chun tosaíochtaí eagraíochtúla a aithint agus chun spriocanna a shocrú don chéad Phlean Chorparáideach de chuid an PRTB. Mar gheall ar shreabhántacht agus éiginnteacht na timpeallachta ina bhfeidhmíonn sé agus castacht a cháis dlíthiúla faoin Acht, aithníonn an PRTB gur gá glacadh le hathruithe, agus a bheith réidh chun freastal ar riachtanais custaiméirí, geallsealbhóirí agus foirne ina chinnidh agus ina oibríochtaí. Tá an Bord agus an fhoireann ar an eolas maidir le fhreagairt do chúinsí a bhíonn ag athrú agus an gá le pleanáil ar mhaithe le soláthar córasach spriocanna indéanta ardleibhéil agus spriocanna le tacaíocht ó chlár feidhmithe uileghabhálach spriocthiomáinte.

# Fócas PRTB

Tá an Plean Corparáideach dírithe ar ghníomhú agus leagtha amach chun fís, misean agus sainordú an Bhoird a sholáthar, ar dhóigh atá ag teacht le riachtanais an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 agus atá sofhreagrach do riachtanais na ngeallsealbhóirí. Leis an bPlean, aithnítear go bhfuil gá le luach ar airgead, a chur ar fáil mar aon le dea-chleachtas agus díriú láidir a bheith ar chustaiméirí. Tá sé bunaithe ar na sé Eochair-Réimse Torthaí seo a léiríonn na saincheisteanna straitéiseacha don eagraíocht thar thréimhse an Phlean:

1. Seirbhís réiteach díospóide ghairmiúil a sholáthar atá inrochtana, tapúil agus tacaithe ag prionsabail cás-bhainistiú éifeachtúla de réir fhorálacha an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004

2. Clár tionóntachta a choinneáil de réir an Achta agus bunachar sonraí cothrom le dáta a chur ar fáil agus a bhainistiú ar mhaithe le faisnéis, ceapadh beartas agus staitisticí

3. Dea-chleachtas san earnáil a chur chun cinn trínár dtaighde, faisnéis, foilseacháin, comhairle bheartais, agus idirphlé le geallsealbhóirí

4. Eagraíocht fhorásach a chothú atá bunaithe ar nuáil agus úsáid ICT i dtaobh soláthar seirbhíse de agus le béim ar fhorbairt fhoirne

5. Cumas ceannaireachta agus rialú na heagraíochta a thógáil ar gach leibhéal

6. A chinntiú go bhfuil na hacmhainní daonna agus airgeadais chuí ag an PRTB chun a shainordú a sheachadadh bunaithe ar éiteas luach ar airgead

Laistigh den chreatlach de shé Eochair-Réimse Torthaí tá roinnt torthaí tosaíochta aitheanta maidir le gach réimse agus spriocanna sonracha comhaontacha a threoróidh obair na heagraíochta ar bhealach soiléir dírithe agus intomhaiste. Ina theannta sin leagtar amach sraith táscairí feidhmíochta nasctha chun cabhrú monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean agus chun na torthaí a mheasúnú.

Forbraíodh an Plean i gcomhairle leis an mBord, leis an bhFeidhmeannas, le foireann PRTB agus leis na heochair-gheallsealbhóirí.

# Eochair-Réimsí Torthaí, Torthaí Tosaíochta, Sain-Spriocanna agus Táscairí Feidhmíochta

## Eochair-Réimse Torthaí a hAon

Seirbhís réiteach díospóide ghairmiúil a sholáthar atá inrochtana, tapúil agus tacaithe ag prionsabail cás-bhainistiú éifeachtúla de réir fhorálacha an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004

### TORTHAÍ TOSAÍOCHTA

a. Ag freagairt d'iarratas ó thiarnaí talún, tionóntaí agus tríú páirtithe le haghaidh seirbhísí réiteach díospóide
b. Na meicníochtaí leagtha amach san RTA le réiteach díospóidí a bhaint amach ar bhealach atá cothrom trédhearcach agus cothromasach a bhainistiú agus a sheirbhísiú
c. Faisnéis bhainistíochta agus staitistiúil a chur ar fáil a bhaineann le hiarratais díospóide, próisis agus torthaí
d. Forálacha an RTA 2004 a athbhreithniú ar bhonn leanúnach agus moltaí a dhéanamh leis an Aire maidir le leasuithe de réir mar is cuí
e. Córas cás-bhainistiú nua a fhorbairt agus a fheidhmiú mar chuid den straitéis ICT
f. Úsáid éifeachtach acmhainní chun tacú leis an bpróiseas díospóide a chinntiú agus chun dul i ngleic le riaráistí le linn tréimhse an phlean

### SAIN-SPRIOCANNA

**Meicníochtaí Réiteach Díospóide**

1.1 Leanúint ar aghaidh ag bainistiú an phróisis réiteach díospóide i dtaca le scrúdú agus logáil cásanna nua faighte; breithnithe nó éisteachtaí páipéar bunaithe a bhunú mar is cuí; tuairisciú torthaí do pháirtithe mar is gá agus an córas achomhairc a bhainistiú
1.2 An líon mór ríomhphoist agus glaonna teileafóin ar an gcóras díospóide go ginearálta agus ar dhul chun cinn torthaí cásanna ar leith a bhainistiú
1.3 Tacaíocht fheidhmiúcháin a chur ar fáil do na coistí a bhfuil baint acu le réiteach díospóide agus d'fhoghrúpaí an PRTB agus a gcuid cruinnithe a éascú
1.4 Míonscríbhinní a mhionnú i dtaca le cásanna forfheidhmithe sibhialta agus coiriúla araon agus le hullmhú do láithreas
1.5 Na painéil breithneoirí agus idirghabhálaithe a bhainistiú i dtaca lena roghnú, lena gceapadh agus lena n-oiliúint, agus teagmháil a dhéanamh le breithneoirí agus idirghabhálaithe maidir le cásanna ar leith agus a gcuid riachtanas tuairiscithe
1.6 Na tuarascálacha a éiríonn ó éisteachtaí, agus achomhairc a dhearbhú agus beartais ar chlár ama chun tuarascálacha a chur isteach a fhorbairt
1.7 Coiste Alt 189 an Bhoird a thabhairt le chéile ar bhonn éigeandála chun déileáil le cásanna díshealbhuithe neamhdhleathacha
1.8 An struchtúr táillí do sheirbhís réiteach díospóide a athbhreithniú ar bhonn leanúnach

**Cás-Bhainistiú**

1.9 Córas cás-bhainistiú imeasctha a fheidhmiú agus a fhorbairt mar chuid den straitéis ICT don eagraíocht

1.10 Córas clárúcháin díospóidí ar líne a fheidhmiú

1.11 Córas nua nó mionathraithe a thástáil go cruinn lena chinntiú go bhfuil sé éasca le húsáid, go dtugann sé faisnéis bhainistíochta agus staitisticí cruinne agus go soláthraíonn sé rianú cáis chun tréchur cásanna a bhainistiú

1.12 Athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar thorthaí próisis réiteach díospóide ar bhealach córasach mar bhonn le ceapadh beartas agus dea-chleachtas a chur chun cinn

1.13 Dul i dtreo córas sealúchais ríomh-chomhaid le doiciméid scanta agus úsáid ríomhshínithe

